FAUNA

Swift
An Gabhlán Gaoithe

Swifts are a familiar sight in summer evenings, screeching around the sky gathering insects. They return here from Africa each May to breed, departing by mid-August. They avoid landing on the ground as their legs are so weak, they can generally only take off from high places.

Is minic a fheictear na gabhláin ghaoithe tráthnóna samhraidh agus iad ag scréachaíl ar fud na spéire ag bailiú feithidí. Filleann siad anseo ón Afraic i mí na Bealtaine le dul i mbun goir agus bailíonn siad leo arís i lár mhí Lúnasa. Tá cosa laga acu agus ar an ábhar sin seachnaíonn siad an talamh. Is ó áiteanna arda amháin is féidir leo dul ag eitilt de ghnáth.

Woodlouse
An míol críon

Oniscus asellus, up to 15mm long, is the woodlouse most commonly found in urban gardens, especially under logs and in compost heaps. Woodlice hide under stones and flowerpots during the day (as they dry out easily), emerging after dark to eat dead vegetation.

Is é *Oniscus asellus* an míol críon is coitianta a faightear i ngairdíní uirbeacha, go mór mór faoi lomáin agus i gcairn mhúirín. Bíonn siad suas le 15mm ar fad. Téann siad i bhfolach faoi chlocha agus faoi potaí bláthanna i rith an lae (toisc go dtriomaítear go réidh iad), agus tagann siad amach nuair a éiríonn sé dorcha chun fásra marbh a ithe.

Pigeon
An Colúr

Urban pigeons are descended from the wild rock doves of sea cliffs. They breed on building ledges, laying two eggs per brood. Up to four broods per year make pigeons a successful urban species. They like perching on hard spots – statues' heads are a favourite!

Is de shliocht na gcolúr aille a chónaíonn ar aillte farraige iad na colúir uirbeacha atá againn. Póraíonn siad ar leaca agus colbhaí foirgneamh agus dhá ubh a bhíonn acu sa nead. Bíonn an rath orthu mar speiceas uirbeach toisc go mbíonn suas le ceithre ál acu sa bhliain. Is breá leo rudaí crua a bheith acu mar fharaí - níl rud is fearr leo ná cloigeann deilbh!

Grey Squirrel
An tIora Glas

Grey squirrels were introduced to Castleforbes, Co Longford in 1911 and have since spread over the eastern half of the country. They are very common in town parks. As well as eating acorns, they eat bark and buds and so do considerable damage to trees.

Tugadh ioraí glasa isteach go Castleforbes, Contae An Longfoirt i 1911 agus tá a sliocht tar éis leathadh amach ar fud oirthear na tíre ó shin. Tá siad le fáil go coitianta i bpáirceanna sna bailte móra. Ní amháin go n-itheann siad dearcáin ach itheann siad coirt agus bachlóga freisin agus sa chaoi sin déanann siad dochar cuibheasach mór do chrainn.

Red Fox
An Sionnach

Foxes are now more abundant in urban areas than in the countryside. They are scavengers, feeding from bins and on unwary kittens, mice, rats and pigeons. They breed in parks and in overgrown gardens, producing four or five cubs by March or April.

Tá na sionnaigh níos flúirsí i limistéir uirbeacha anois ná faoin tuath. Scroblachóirí is ea iad ag ithe ó bhoscaí bruscair agus beireann siad ar phiscíní, luchóga, francaigh agus colúir nach mbíonn san airdeall. Póraíonn siad i bpáirceanna agus i ngairdíní fiáine. Bíonn ceithre nó cúig choileán acu roimh mhí an Mhárta nó Aibreán.

Small Tortoiseshell Butterfly
An Ruán Beag

This colourful common butterfly overwinters indoors in houses as a fully formed adult, emerging in late March to lay its eggs on nettles. Caterpillars are black and spiny. The butterflies are attracted to garden flowers and can be seen on the wing all summer long.

Féileacán ildaite coitianta é seo a chaitheann an geimhreadh istigh i dtithe agus í ina haosach fásta iomlán. Tagann sí amach go déanach i mí an Mhárta chun uibheacha a bhreith ar neantóga. Bíonn cuma dubh spíonach ar na boilb. Meallann bláthanna i ngairdíní na féileacáin agus is féidir iad a fheiceáil ag eitilt ar feadh an tsamhraidh go léir.

Garden Ant
An Seangán Capaill

Patios in urban gardens – warm slabs laid on sand – make the ideal habitat for these stingless ants to raise large colonies. Winged adults emerge on muggy July days and mate in the skies above our streets – often to the consternation of the human population!

Is deacair áit a shamhlú is fearr a oireann do na seangáin seo chun coilíneacht mhór a thógáil ann ná faoi leaca paitió atá ina luí ar ghaineamh. Is i laethanta meirbhe i mí Iúil a thagann na haosaigh fásta amach le dul ag cúpláil san aer os cionn ár sráideanna agus is minic a chuireann siad alltacht ar daoine.

Garden Spider
An Damhán Garraí

This common spider is very active in gardens in September. It spins a wheel-like orb web on the outside of windows and waits in the centre. Besides smaller flies, garden spiders will quickly bite and kill butterflies and wasps that become ensnared in their webs.

Bíonn an damhán seo an-ghníomhach i ngairdíní le linn mhí Mheán Fómhair. Sníomhann sé líon cruinneogach cosúil le roth lasmuigh d'fhuinneog agus fanann sé ina lár. Ní amháin go n-itheann na damháin gharraí cuileoga beaga ach cuireann sé greim thapa i bhféileacáin agus i bhfoichí a théann i bhfostú ina líonta agus maraíonn sé iad.